

## Folúntas: Bainisteoir Comhorduithe Chláir um Ghalair Aonad: Oifig an Phríomheolaithe Tagairt: ECDC/FGIV/2018/OCS-DPCM

Iarrtar ar iarrthóirí cur isteach ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire ar Conradh sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

### Sainchuntas poist

Beidh sealbhóir an phoist freagrach do Cheann Rannóg na gClár um Ghalair.

Beidh sé/sí freagrach as na réimsí oibre seo a leanas go háirithe:

- Tacú le Ceann na Rannóige chun comhordú foriomlán a dhéanamh ar Rannóg na gClár um Ghalair;
- Tacú le Ceann na Rannóige chun forbairt agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis na Cláir um Ghalair ar fad, go háirithe iad siúd a dhíríonn ar ghalair theagmhálacha a chosc.
- Comhordú agus forbairt a dhéanamh ar phleananna oibre bliantúla agus ilbhliantúla de chuid na gClár um Ghalair, d'fhonn deiseanna do ghníomhaíochtaí agus tionscadail a bhainfidh leis na Cláir um Ghalair ar fad a aithint (<https://ecdc.europa.eu/en/about-us/who-we-are/disease-programmes>);
- Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na bpleananna oibre laistigh de Rannóg na gClár um Ghalair, lena n-áirítear coigeartuithe ar na pleananna sin;
- Tacú le hathbhreithniú a dhéanamh ar straitéis na gClár um Ghalair mar aon le hathbhreithniú/comhordú a dhéanamh ar phróisis agus nósanna imeachta antábhachtacha laistigh den Rannóg;
- Cabhrú le forbairt agus cur chun feidhme straitéise a rialaíonn obair ECDC i gcomhar le Líonraí Galair seachtracha de chuid ECDC, agus béim á leagan ar naisc idir na líonraí éagsúla) (<https://ecdc.europa.eu/en/about-us/partnerships-and-networks/disease-and-laboratory-networks>);
- Gníomhaíochtaí idirchaidrimh inmheánacha a eagrú d'fhonn comhordú a dhéanamh ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis na Cláir um Ghalair ar fad;
- Comhordú a dhéanamh ar theagmháil Rannóg na gClár um Ghalair le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha de chuid ECDC, m.sh. Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip, srl.;
- Ionadaíocht a dhéanamh do Rannóg na gClár um Ghalair ar thascfhórsaí inmheánacha, ar mheithleacha oibre agus ar choistí de chuid ECDC de réir mar is gá, agus de réir mar a tharmligeann Ceann na Rannóige é;
- A c(h)ion féin a dhéanamh i ngníomhaíochtaí eile, m.sh. tacú le tionscadail eolaíochta agus teicniúla faoi leith sa réimse saineolais atá aige/aici, de réir mar is gá.

## Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

### A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun a bheith incháilithe, ní mór don iarrthóir sraith riachtanas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais sin:

- Cúrsa ollscoile críochnaithe de thrí bliana ar a laghad arna fhianú ag diplóma agus taithí ghairmiúil chuí de bhliain amháin ar a laghad<sup>1</sup>;
- Eolas cuimsitheach ar cheann amháin de theangacha de chuid na gComhphobal agus eolas sásúil ar theanga eile de chuid na gComhphobal, a mhéid is gá chun na dualgais a bheidh air/uirthi a chomhlíonadh<sup>2</sup>;
- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach<sup>3</sup>;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

### B. Critéir roghnúcháin

Tá **critéir riachtanacha** maidir le taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo.

*Taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil:*

- Taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad (tar éis an diplóma a bhaint amach), a gnóthaíodh i bpoist a bhaineann leis na dualgais atá leagtha amach sa sainchuntas poist;
- Cúlra acadúil sa tsláinte phoiblí, sa bhainistíocht, i riarachán gnó, nó a chomhionann;
- Eolas agus tuiscint ar an obair atá ar bun (sna réimsí a bhaineann le galair a chosc agus a rialú) i gceann amháin nó níos mó de na seacht gclár um ghalair;
- Taithí chruthaithe ar chláir a bhainistiú, ag baint torthaí amach de réir na sceideal atá leagtha amach;

---

<sup>1</sup> Ní bhreithneofar ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

<sup>2</sup> Ina theannta sin, chun a bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil ardú céime, ní mór do bhaill foirne eolas oibre a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus na Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

<sup>3</sup> Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil a léireoidh nach bhfuil taifead coiriúil ar bith aige/aici.

- Taithí nó eolas ar an soláthar poiblí;
- Ardchumas i mBéarla, idir scríofa agus labhartha.

*Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:*

- Dírithe ar an tseirbhís, agus ar obair d'ardchaighdeán a chur ar fáil;
- An cumas oibriú i gcomhar le daoine agus caidrimh láidre oibre a fhorbairt, lena n-áirítear oibriú i gcomhar le foirne éagsúla agus le páirtithe leasmhara iolracha;
- Dírithe ar thorthaí a bhaint amach;
- Sárscileanna eagrúcháin;
- An cumas oibriú faoi bhrú, freagrachtaí éagsúla a bhainistiú agus tionscnaíocht a léiriú.

*Tá taithí agus scileanna a bheadh ina mbuntáiste don phost sainaitheanta againn freisin. Is iad sin:*

- Eolas maith ar bheartais agus ar ghníomhaíochtaí AE i réimsí de cheann amháin nó níos mó de na seacht gclár um ghalair.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh go gcuirfeadh an coiste roghnúcháin riachtanais níos doichte i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas, nó critéir bhuntáisteacha ar bith atá liostaithe a chur i bhfeidhm.

## Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist bunaithe ar ghearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí tabhairt dá n-aire go bhféadfadh go bhfógrófaí an moladh go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir mar ghníomhaire ar conradh, de bhun Airteagail 3a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile na gComhphobal Eorpach ar feadh tréimhse cúig bliana. D'fhéadfaí an conradh a athnuachan. Déanfar an ceapachán san **Fheidhmghrúpa IV**. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfidh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

[http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff\\_Regulations\\_2014.pdf](http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf)

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

## Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí go ndéanfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

## Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig [Recruitment@ecdc.europa.eu](mailto:Recruitment@ecdc.europa.eu), agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhéarr í a bheith comhlánaithe i mBéarla<sup>4</sup>. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.

**Is féidir an fhoirm iarratais ECDC a fháil ar ár láithreán gréasáin anseo:**

<https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process>

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach, tuilleadh faisnéise faoi staid an nós imeachta roghnúcháin seo agus tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas earcaíochta ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin tríd an nasc thuas a leanúint.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a gheofar, ní rachfar i dteagmháil ach amháin le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

---

<sup>4</sup> Rinneadh an fógra iarratais seo a aistriú go gach ceann de 24 theanga oifigiúla AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhéarr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.